

❖ An Lúibín ❖

16 Meán Fómhair 2021

Tuairimí

Surveys about the Irish language in Ireland elicit predictable responses: for, against or don't really care. Against the odds, Irish still exists.

Anois agus arís in Éirinn fiafraítear de dhaoine cá mhéad úsáid a bhaineann siad as an nGaeilge. (Fíorbheagán, de ghnáth.) Sampla de sin is ea pobalbhreith bheag de chuid *The Journal*: <https://www.thejournal.ie/poll-speak-irish-5373733-Mar2021/>. Tá roinnt de na gnáth-thuairimí le fáil ann – cion, gráin, gruaim.

Is furasta a thuiscint cén fáth a shílfeadh Éireannaigh éigin nach fiú biorán í an Ghaeilge. Níor múineadh ar scoil dóibh ar bhealach beoga í; níor bhraith siad riamh go raibh baint aici lena saol; níl sí le cloisteáil ina dtimpeall. Ní léir dóibh go bhfuil sí fóna ná go bhfuil gá aici léi chun a bhféiniúlacht mar Éireannaigh a chothú. Agus tá bunús lena dtuairim, fiú mura bhfuil tú ar aon aigne leo.

Na daoine a bhfuil dearcadh eile acu is féidir leo a áitiú go bhfuil a fónamh féin ag roinnt leis an teanga: tá feidhm le baint aisti i gcúrsaí oideachais, sna meáin, sa Bhruiséil, sa rialtas áitiúil, i gcúrsaí cultúir – feidhm atá teoranta go leor, i ndáiríre. Ach níos minice ná a chéile luann siad an teanga mar chuid den dúchas, agus luaitear freisin an gá atá le cleachtadh comhrá sna scoileanna seachas an bhéim a chur i gcónaí ar scríobh agus ar léamh. Maith an smaoineamh mura raibh múinteoirí líofa chomh gann sin.

Lasmuigh d'Éirinn faigheann tú ranganna do dhaoine fásta nó foghlaim uait féin. Tugann sin le tuiscint go bhfuil gríosú pearsanta i gceist agus gur mó an seans go mbainfidh tú líofacht amach. As an saol sin a fáisceadh *An Lúibín*.

Cúis iontais é (agus ní hí seo an chéad uair a dúradh é) go bhfuil pobal Gaeilge ann ar chor ar bith, in Éirinn nó thar lear. Tá sé taobh thall de chumas na ngnáthscoileanna méid mór cainteoirí a sholáthar agus tá srian faoi láthair leis na gaelscoileanna. Tá leá chúr na habhann ag teacht ar chainteoirí Gaeltachta. Pobal folaigh na Gaeilgeoirí, ach tá siad ann.



Cruinneas agus saibhreas

The researcher Roey Elnathan has talked of how hard it is to attain the requisite scientific precision in English as a second language. This has a bearing on other languages in other contexts, not least Irish.

Thugamar aird ar leith ar phíosa le Roey Elnathan, taighdeoir ar an nanaibhith-theicneolaíocht, in *Nature*: 'English is the language of science — but precision is tough as a non-native speaker'.¹ Iosraelach is ea Elnathan, agus is mór an difríocht idir Eabhrais agus Béarla. Tugann an píosa léargas ar na deacrachtaí a bhaineann le máistreacht a fháil ar theanga eile, go háirithe ar son ceirde.

English is the international language of science, for better or for worse, but most of the world's scientists speak it as a second language. We shoulder an extra career challenge: not only must we gain command of our science, but we must also be able to write to professional standards in a foreign language to communicate that science.

Deir Elnathan nach bhfuil sé chomh deacair sin do dhóthain Béarla a fhoghlaim i gcomhair trádála, gnó nó turasóireachta, nó chun láithreáin nuachta agus meáin shóisialta a úsáid, beag beann ar earráidí beaga. Ar éigean atá réimníthe nó díochlaontaí ag an mBéarla; níl inscní aige; níl tuin chasta aige; is annamh iolraí deacra aige; agus cé go bhfuil an litriú trí chéile, níl sé ró-dheacair ach na bunphatrúin a bhrath.

But when meanings are complex and technical, precision is a must. Then, English becomes a difficult beast to wrestle with. I know many researchers who reach a certain level of skill in English, then plateau.

¹ <https://www.nature.com/articles/d41586-021-01797-z>

Luann Elnathan fóclóir ollmhór an Bhéarla agus gramadach atá thar a bheith solúbtha, rud a chuireann a lán mionroghanna ar fáil agus cuid mhaith acu débhríoch. Sin an fhadhb: tá an teanga chomh leathan sin gur furasta géilleadh don fhoclachas. Deir sé gur sa ghontacht atá an chuid is fearr den Bhéarla.

Spreag an píosa úd sinn chun a fhiafraí cá mhéad Gaeilgeoir a bhaineann an cruinneas úd amach i réimse ar bith. Is fiú a fhiafraí freisin cá mhéad againn a bhaineann leas as saibhreas na teanga. Ach tá aisteachas ag baint leis an nGaeilge sa mhéid gur minice í mar an dara teanga againn ná teanga dhúchais.

Más ag foghlaim teanga eile atá tú, is iondúil go mbíonn tú i muinín cainteoirí dúchais chun ceart na teanga a thabhairt leat i dtaca le foghraíocht agus le gramadach. Is cosúla Gaeilge le Esperanto ná le teangacha eile sna cúrsaí seo, cainteoirí traidisiúnta in easnamh uirthi agus í á múineadh ag lucht an dara teanga do dhaoine a bhfuil teanga eile ar fad acu. Ní cúis iontais é gurb annamh scoth na Gaeilge acu, cé nach féidir iad a lochtú faoi easpa díograise. Fiú má tá faill agat mar Éireannach nó mar eachtrannach le cuairt a thabhairt ar an nGaeltacht, Béarla is mó a bheidh romhat ann. Beag an seans a bhailfeá le duine nach bhfuil de rogha aige ach teanga na nGael a tharraingt chuige.

Sna foclóirí móra – Ó Dónaill agus de Bhaldraithe – is mó atá saibhreas na Gaeilge le fáil anois, seachas ar bhéal na ndaoine. Ní mór duit dua a chaitheamh leis an teanga chun an saibhreas a thabhairt leat, agus ní deacair a thuiscint cén fáth nach minic a dhéantar é. Ní thabharfaidh an scoil duit é. Ní thuigeann tú cé chomh solúbtha, cumasach, cumhachtach is atá an teanga Ghaeilge mura gcuireann tú an dua sin ort féin.

Ní fearr Gaeilge bhriste ná Béarla cliste, ach caithfear teacht leis an nGaeilge bhriste mura bhfuil a malairt le fáil; agus is iomaí duine sa domhan seo a thagann le Béarla atá briste go leor. Is í an chomhairle a thugtar feidhm a bhaint as cibé Gaeilge atá agat, agus ní olc an chomhairle í, cé gur fearr feabhas a chur uirthi más féidir. Ní minic na laethanta seo a thiocfá trasna ar Ghaeilgeoir líofa a bhfuil a chuid Gaeilge chomh cruinn lena chuid Béarla. Tá an Béarla inár dtimpeall i gcónaí; is minic an Ghaeilge ar an imeall.

Is féidir leat a bheith líofa, cruinn, greannmhar féin mar scríbhneoir agus gan an chaint a bheith ag teacht chomh réidh sin leat. Den chaint an cleachtadh, agus is deacair cleachtadh leanúnach a fháil in Melbourne, Toronto, St Louis nó Baile Átha Cliath féin. B'fhéidir gurb é an réiteach is fearr agat leanúint ort ag caint leat féin chomh bríomhar béalfhileata agus is féidir leat. Guímid an t-ádh leat.

Tar éis an tsaoil, is í príomhchathair na hÉireann cearta na teanga feasta. Canúint ann nach dtéann thar fóir maidir le séimhiú agus le hurú agus nach bhfuil ródhian i gcúrsaí gramadaí. Rian an Bhéarla uirthi ach í beoga inti féin, agus í ag leathadh trí impireacht dhomhanda na Gaeilge. Is deacair do *An Líubín* fáilte ó chroí a chur roimpi (bíonn guth na seandaoine ag cogarnaíl inár gcroí) ach bímis réadúil.




Guáin na Fraince: tír na bhféileacán

French Guyana is a French territory in the north-east of South America, noted for its ethnic and linguistic diversity, its often brutal history of warfare, slavery and transportation, and its marvellous ecology – including its butterflies.

Is cuid suntais í Guáin na Fraince ar a lán bealach. Is í an t-aon chuid amháin den Fhrainc í atá le fáil i Meiriceá Theas; tá meascán iontach de phobail agus de theangacha ann; agus tá sí lán d'fhéileacán a théadh príosúnaigh sa tóir orthu chun go ndíolfaí thar lear iad.

Réigiún agus rannóg den Fhrainc is ea an Ghuáin agus í suite in oirthuaisceart Mheiriceá Theas, an Bhrasaíl taobh theas di agus Suranam taobh thiar di. Tá foraois thrópaiceach le fáil i 97% di agus a lán aibhneacha ag rith tríthi, rud a cuidíonn go mór le hiompar daoine agus earraí. Tá tábhacht leis an turasóireacht, an iascaireacht agus an timpeallacht, cé go bhfuil siad á gcur i mbaol ag úsáid an mhearcair ag mianadóirí agus an tóir ar hidricharbóin gháis nó leachtacha.





Wikimedia Commons

Baineann na chéad iarsmaí seandálaíochta (earraí potaireachta, ealaín charraige, snasairí) leis an ré 5000 RCh. Lonnaigh a lán pobal dhúchasach sa réigiún ina dhiaidh sin, agus fuair na Francaigh rompu iad in 1503, cé nach ndearna siad lonnú buan go dtí 1643. Bhíodh na coilínigh agus na pobail dhúchasacha ag troid le chéile, agus bhí deacrachtaí eile ag na coilínigh – a gcuid iaróg féin agus cruatan an tsaoil, go háirithe an fiabhras buí. Bhí muintir dhúchasach na tíre thíos leis an gcoigíocht agus leis na galracha a thug na coilínigh leo. Tháinig timpeall 12,000 lonnaitheoir nua isteach in 1763; níor tháinig ach 2,000 duine acu slán ón aeráid agus ó na galracha.

Sa 17ú haois tugadh sclábhaithe isteach chun barraí luachmhara a shaothrú – siúcra, spíosraí, seacláid agus caife. In 1794, le linn Réabhlóid na Fraince, chealaigh an Chomhdháil Náisiúnta i bPáras an sclábháíocht, ach d’fhill sí dá ainneoin sin agus mhair anuas go dtí 1848.



Guáin na Fraince in 1656

Wikimedia Commons

Bhí an Ghuáin faoi smacht na mBriotanach idir 1778 agus 1783, agus arís idir 1785 agus 1788. Bhí na Portaingéalaigh ann idir 1809 agus 1817, fada go leor chun go dtógfá a lán focal Portaingéilise isteach i griól na háite.

In 1803, tar éis gur chaill an Fhrainc an chuid is mó dá tailte i Meiriceá Thuaidh, chuir sí príosúin ar bun ar chósta na Guáine mar ar tugadh ar chimí ón bhFrainc obair éigeantais a dhéanamh. I lár an 19ú haois rinneadh coilíneacht phionósach cheart den Ghuáin, agus Oileán an Diabhail (*Île du Diable*) mar chuid di. Cuireadh timpeall 56,000 daoránach ann, ach mhair níos lú ná 10% díobh. Sna 1930í cuireadh campaí géibhinn ar bun (*Établissements Pénitentiaires Spéciaux*) mar a bhfaighfeá easaontaigh ón Ind-Sín (Vítneam) agus mionchoirpigh. I ndeireadh an 19ú i haois bhí ar na daoránaigh a bhí beo go fóill agus a dtéarma istigh, bhí orthu cur fúthu sa Ghuáin. Níor tháinig deireadh leis an gcóras géibhinn go dtí 1953.

Baineadh feidhm nua as an nGuáin in 1964, nuair a thóg an Fhrainc lárionad spáis ann.

Tá an-éagsúlacht ag baint le daonra an réigiúin. Tá nna Guánaigh chriólacha (timpeall 40% den daonra) ann, daoine de shíolrach gorm (*les Bushinengués*), na Meir-Indiaigh agus iad roinnte ina sé phobal (timpeall 5% den daonra), na Hmong, dream a tháinig ó Vítneam in 1977 (timpeall 2000 duine), na Francaigh (timpeall 12%), agus meascán de phobail eile – Sínigh, Liobánaigh, Brasaíligh, Háitígh, Suranamaigh, Lávaigh agus eile.

Is í an Fhraincis an teanga oifigiúil ach is é an criól Guánach an teanga is forleithne agus é bunaithe ar Fhraincis, Béarla, Spáinnis, Portaingéilis, agus teangacha Afracacha agus Meir-Indiacha. Tá crióil eile ann agus iad bunaithe ar an mBéarla. Tá sé theanga á labhairt ag daoine de shíolrach gorm (*langues bushi kondé*) agus tá seacht dteanga Mheir-Indiacha ann.

Cuid d'fhéileacáin na Guáine



Eurytides callias



Papilio thoas



Papilio menatius



Parides anchises

Wikimedia Commons



Seandálaíocht

Déantúsáin bháite

Aboriginal people have lived in Australia for over 65,000 years. Even older artefacts may lie beneath the sea to the country's north.



Cuailí adhlactha ar Oileáin Tiwi
Wikimedia Commons

Tá déantúsáin amach ó chósta thuaidh na hAstráile a bhfuil an chuid is sine de stair na mBundúchasach ag baint leo. Tá a fhios againn anois ó na hiarsmaí is sine a aimsíodh in Kakadu i gCríoch an Tuaiscirt go bhfuil daoine ina gcónaí san Astráil le 65,000 bliain ar a laghad – an daonra is buaine in aon áit lasmuigh den Afraic féin.

Folaíonn an dríodar san fharraige thuaidh uirlisí, struchtúir, uaigneanna agus ealaín charraige atá na mílte bliain d’aois agus a fágadh ann nuair a bhí leibhéal na farraige i bhfad níos ísle. Tá tábhacht ar leith le Críoch an Tuaiscirt toisc go bhfuil an scairbh ilchríochach is mó san Astráil ag baint léi, scairbh atá ag síneadh ó thuaidh go Nua-Ghuine Phapua. Deirtear gurbh í an mhórchríoch ba mhó í le linn an lonnaithe daonna. D’fhéadfaí cuardach a dhéanamh ar feadh na gcéadta ciliméadar.

Tá a fhios ag taighdeoirí i dtíortha eile gur bháigh an fharraige an t-uafás déantúsán timpeall 7,000 bliain ó shin. Amach ó chósta Chríoch an Tuaiscirt bhí a lán ionad de chineálacha difriúla a bheadh faoin bhfothain fadó. Tá súil ag seandálaithe go bhfuil dríodar go leor creimthe ag taoídí agus ag sruthanna i measc na n-oileán chun amharc a fháil ar rian na ndaoine. Is dócha go bhfuil na déantúsán caomhnaithe go maith ag an dríodar úd ó aibhneacha ar shéid an ghaoth aneas é agus a luigh ar an ngrinneall.

Rinne na taighdeoirí staidéar ar gheolaíocht, clíomeolaíocht, seandálaíocht agus géinitic, agus ní dhearna siad faillí i dteangeolaíocht agus i mbéaloideas ach oiread. Tá amhráin agus scéalta Tuismidh ann a ghabhann trasna na farraige. Bhí cuimhne siar go deo ag pobail traidisiúnta na hAstráile ar thailte báite a sinsear amach ón gcósta sular tháinig coilínigh Eorpacha. Anois tá deis ag seandálaithe na hiarsmaí úd a thabhairt go barr.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun
rianach@optusnet.com.au.**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to
rianach@optusnet.com.au.*

Dhá dhán le Julie Breathnach-Banwait

Géill Slí

Ceangal do mhéara
trasna mo láimhe.

Siúil liom ar bharr
na smidiríní
gloine seo.

Bain píosa as
an
mbealach go
réidh ciúin.

Go
dtiocfaidh
chugat
ceangal le d'anam.

Is go mbeidh na
tintí
atá
múch
ta i
do
chroí
ina
ngríó
sach
fhiáin
arís.

Ná cuir caoi orm

Ná cuir caoi orm, ná sín do chomhairle chugam
bí id' shuí liom, i láthair liom,

éist liom, fan liom, seas liom, luigh liom,
le mo thaobh is mé im' phíosaí briste,

gan dáil ná focail feabhais,
gan ceartú ná ceistiú,

mar gur roghnaigh mé thú chun mo scéal
a chloisint mar gur tú an té is sábháilte.

Trí dhán le Colin Ryan

Spástaisteal

1.
Thar phláinéid a d'áitriugh
torathair is púcaí
a rinne áilleacht chráite
den anchúinseacht
thar ghriana críona
is iad á n-ídiú ag a bhfearg
féach sinn ag taisteal tharstu
glúin i ndiaidh glúine
in ártach am-chaithe
sinn bithbheo bitheonach
ag samhlú na daonnachta

2.
Ag teacht anuas anseo dúinn

tar éis taisteal idir reanna
leathann an solas trín
ag iarraidh an daonnacht
a adhaint i smior ár gcnámh
le háthas le huafás
le débhríocht chráite an ghrá
is sinn inár suí i gcríoch
atá cosúil leis an domhan úd
a thréigear
atá cosúil leis an domhan úd
nch ann dó

3.

Tá sé in am againn imeacht: féach
an dá ghealach ag dorchú, an tír
ag éirí mothrach, na harrachtaí
ag filleadh ar an dúchas;
tabharfaimid ár n-aghaidh
ar dhuibheagán ár ndúile, ar ár mbás
neamhtheoranta.